An Garda Síochána

Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht

Sábháilteacht Phearsanta

Trádálaithe / Cuairteoirí Bréige

Trádálaithe / Cuairteoirí Bréige
Is iomaí duine a fhostaíonn trádálaithe bréige ó dhoras go doras agus daoine deisiúcháin / conraitheoirí níos minicí ná a chéile. Ní dhéanann na daoine seo an oiread sin oibre agus iarrann siad lear mór airgid dá gcuid seirbhísí. Is iompraíocht choiriúil í seo agus bíonn bealaí coitianta ann gur féidir leis na coireanna seo a dhéanamh.

Bíonn cionta coiriúla aitheanta agus sainmhínithe don chineál iompraíochta seo agus téann siad ó dhamáiste coiriúil, iarracht cham, go dtí éileamh airgid go bagrach. Tá na cinn seo ar fad faoi reachtaíocht reatha coiriúil agus is féidir ciontóirí, nuair a bhéarfar orthu, a ionchúiseamh os comhair na gcúirteanna coiriúla go rathúil. Tríd is tríd bíonn ceithre cinn de bhealaí gur féidir an cineál seo coire a dhéanamh:

1. Obair Bhocht/An Iomarca Muirir – nó go deimhin gan obair a dhéanamh ar chor ar bith.
Glaonn na ciontóirí, sa chás seo, ar theach an íospartaigh go hiondúil atá pioctha amach acu roimh ré. Is minic a bhíonn sé seo ina theach le duine aosta nó duine lag atá ag maireachtáil leis féin nó léi féin. Faightear an t-eolas seo go hiondúil le faireachas nó fiosruithe 'discréideacha' / 'neamhurchóideacha' atá déanta ag ciontóirí go háitiúil. Féadfaidh siad díriú ar an nduine mar gheall ar go raibh siad 'rathúil' ansin roimhe sin. Is minic a nglaofaidh siad ar an réamhthéacs de bheith ina lúcht dín gairmiúla, saineolaithe gáitéir, péintéirí nó daoine eile trádálaithe agus mar sin de agus 'téann siad i bhfeidhm ar an íospartach gur ghá deisiúcháin a dhéanamh.

Tairgeoidh siad a gcuid seirbhísí ar an tuiscint go bhfuil siad inniúil agus gan a bheith costasach. Rachaidh siad go hiondúil go dtí an díon nó áiléar an tí atá pioctha amach má bhíonn an teach aitheanta agus tosóidh siad ag greadadh, ag druileáil, ag péintéireacht agus mar sin de chun cruth na hoibre a thabhairt. Ar chríochnú 'na hoibre' dóibh, i gcónaí in achar gearr, éileoidh siad íocaíocht le hairgead tirim, go minic ag baint úsáide as oirbheartaíochtaí bagartha agus imeaglaithe. Féadfaidh siad an t-íospartach a thiomáint go dtí an banc chun a gcuid airgid a bhailiú.

2. Muirir C.B.L. Bréige
Féadfaidh baill difriúla den dhream céanna teacht ar ais ag dáta sa todhchaí go dtí teach an íospartaigh i riocht feidhmeannaigh C.B.L nó Ioncaim. Eileoidh siad airgead don 'obair' atá déanta cheana acu agus lorgóidh siad tuilleadh airgid.

3. Camchoireanna Taisce
Nuair a bhíonn na coirpigh sásta go bhfuil an dallamhullóg curtha ar an íospartach beartaithe an obair a dhéanamh dó / di; éilóidh siad éarlais leis na hábhair a cheannach chun na deisiúcháin is gá a dhéanamh. Tar éis dóibh an éarlais a fháil, imíonn siad leo, gan filleadh choíche ná go deo.

4. Deiseanna Gadaíochta
Díreoidh na gadaithe ar cheantar ar leith agus tairgeoidh siad fíorsheirbhís nó dhílis don íospartach. Tar éis dóibh rochtain a fháil ar an dteach cónaithe féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh féachaint céard é de luach chun a cheannach go maith faoi bhun luach an mhargaidh. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina throscán, péintéireachtaí nó earraí luachmhara eile. Bagraíonn siad ansin a guid íospartachtaí chun admhálacha a shíneadh do dhíolacháin an earra atá faighte acu. Is féidir leo oirbheartaíochtaí caolchúiseacha agus imeaglaithe a úsáid chun an t-íospartach a fhórsáil an méid atá uathu a 'dhíol' dóibh.

Céard is féidir le daoine a dhéanamh leis an iompraíocht choiriúil réamhráite a chosc?
Má thagann duine go dtí do dhoras ag tairiscint seirbhísí trádála gairmiúla tabhair faoi deara an méid seo a leanas:

- Inis don chuairteoir nach bhfostaíonn tú daoine trádála go deo a thagann 'fuar' go dtí do dhoras. Iarr ar bhróisiúr díolacháin nó ar cháipéis eile gur féidir leat a

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil nó tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie

Arna eisiúint ag Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht, Ceannchéathrú an Gharda Síochána, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Aibreán 2009

fhiosrú agus a fhíorú mar inchreidte dá éis sin. Ba cheart uimhir theagmhála a bheith aige seo, seoladh is eol a bheith acu agus cláruimhir C.B.L.

- Bí cúramach ach go háirithe san áit nach léiríonn cáipéisí díolacháin ach uimhreacha teagmhálacha soghluaiste nó seoltaí neamhiomlán. Is féidir le fiosruithe ón eolaí teileafóin cuidiú le creidiúnacht agus bona fides an chuideachta nó an duine aonair atá i gceist a bhunú.

- Má tá tú sásta go bhfuil an cuideachta nó an duine aonair inchreidte agus go gceapann tú fós go bhfuil a bhfostaíocht riachtanach, iarr ar luach sonraithe nó scríofa do na seirbhísí ata á dtairiscint agus na hainmneacha agus ionaid na ndaoine san áit a raibh siad ag obair go rathúil roimhe seo.

- Ná brath go deo ar chruinneas an eolais atá á chur i láthair. Fíoraigh an t-eolas tú féin.

- Lorg meastacháin inchomparáideacha i gcónaí ar son na seirbhísí atá á dtairiscint ó chuideachtaí eile creidiúnaithe bunaithe.

- Ná faigh duine atá teann ar íocaíochtaí airgid ar son na seirbhísí atá á dtairiscint. Fiú nuair a bhíonn tú ag fostú cuideachta creidiúnach úsáid modh íocaíochta i gcónaí atá inaimsithe.

- Ná fágtar strainséirí fiú oibrithe bona fide, gan maoirseacht i do theach cónaithe

Más dóigh leat go raibh tú i d'íospartach ar an gcineál seo coireachta céard a ba cheart duit a dhéanamh?

Ná bí corrabhuaiseach ná ná bíodh náire ort riamh teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí. **Déan é seo ar an bpointe boise.**

Scríobh síos gach ar féidir leat cuimhneamh air mar gheall ar an méid a tharla lena n-áirítear comharthaí aithne na ndaoine, a gcuid éadaí, aon shaintréithe nó gnéithe aitheantais, agus aon fheithiclí atá in úsáid acu. Coinnigh slán aon dhoiciméad a d'fhéadfadh a thug siad duit.

Maidir leis na daoine sin an bhféadfaidh comharsana nó cairde aosta nó leochaileacha a bheith acu, Bí i do chomharsa maith agus tabhair comhairle dóibh faoi na camscéimeanna féideartha seo. Má bhíonn tú in amhras ar dhaoine / trádáilithe bréige i do cheantarsa agus más léir go bhfuil siad amhrasach nó ag obair i dteach cónaithe leochaileach an comharsana – ná bíodh leisce ar bith ort dul i dteagmhail leis na Gardaí lom láithreach.

Ní bheidh masla ar dhaoine trádálaithe dílse maidir le haon fiosruithe a d'fhéadfadh na Gardaí a dhéanamh agus go deimhin féin, cuireann siad fáilte rompu go hiondúil.

Cuimhnigh air seo, má bhíonn sé ró-mhaith a chreidiúint, bíonn sé amhlaidh go hiondúil!

Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán.

Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchán seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.

Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht,
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile átha Cliath 2.
Fón: (01) 6663362, Facs: (01) 6663314
Ríomhphost: crime_prevention@garda.ie

An Garda Síochána
www.garda.ie